Searnóbail

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoin méid atá le rá ag Seanadóir faoin tionóisc i Searnóbail. Sula bhféachfaidh tú an tuairisc pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat nó le do ghrúpa:

Cad atá ar eolas agat faoin bpléasc núicléach a tharla i Searnóbail sna hochtóidí?

Cén fáth a bhfuil imoibreoirí (reactors) núicléacha dainséarach, dar leat?

Ar cheart dúinn fuinneamh núicléach a fhorbairt sa tír seo?

Ceist 2 Anois féach ar an tuairisc agus déan iarracht an leagan Gaeilge de na focail agus na frásaí seo a aimsiú agus tú ag féachaint uirthi. Ansin cuir do chuid freagraí i gcomparáid le cinn an duine in aice leat.

1. charity organisations _____
2. cause of _____
3. defect/impairment _____
4. nuclear reactor _____
5. nuclear accident _____
6. area of Belarus _____
7. Western Russia _____
8. Northern Ukraine _____
9. scientific evidence _____
10. public health _____
11. misunderstanding _____
12. fuels _____
13. maternity hospital _____
14. cancer _____

Ceist 3 Anois féach ar an tuairisc arís agus déan iarracht freagraí na gceisteanna seo a aimsiú. Ansin pléigh na freagraí leis an duine in aice leat.

1. Cé hé John Crown agus cén fáth a bhfuil sé luaite sa tuairisc?
2. Cad é an t-eolas ar fad a thugtar faoi Shearnóbail sa tuairisc?
3. Cad a cheapann eagraíochtaí carthanachta áirithe faoi thuairimí John Crown?

Ceist 4 '*ó dheas* i gCorcaigh'

(a) Líon na bearnaí:

_____ i nDún na nGall, ag dul _____
_____ i gConamara, ag dul _____
_____ i mBaile Átha Cliath, ag dul _____

Ceist 5 Déan plé leis an duine in aice leat ar chúis an tséimhithe i gcló dubh sa sliocht ón mír.

Inniu, dúirt an Seanadóir John Crown le Nuacht TG4 nach raibh sé ag iarraidh drochmheas a chaitheamh ar obair na n-eagraíochtaí seo ach dúirt sé nach raibh fianaise eolaíoch ann go ndearna tionóisc Chernobyl an méid dochair do s**h**láinte p**h**oiblí is a deirtear. Dúirt sé go bhfuil mít**h**uiscint ann gur t**h**áinig méadú mór ar líon na bpáistí a rugadh le máchail sna blianta a lean an tionóisc, ach nach raibh na fíricí ann chun é sin a chruthú. Deir sé go bhfuil sé in am dúinn sa tír seo a bheith ag féachaint ar f**h**uinneamh núicléach a thabhairt isteach anois ó tharla go bhfuil breoslaí eile rógh**h**ann agus róc**h**ostasach.

Ceist 6 'méid' vs 'líon'

Éist leis an mhír uair amháin eile agus tabhair faoi ndeara an tslí a n-úsáidtear an dá fhocal. Cad a chiallaíonn an dá fhocal? Cum trí abairt leis an fhocal 'méid' agus trí abairt leis an fhocal 'líon'.

Ceist 7 **Díospóireacht Lá San Vailintín**

Níl aon leigheas ar an ngrá ach pósadh

Treoracha agus freagraí
Ceist 1
Plé a bhfuil i gceist leis an ghníomhaíocht seo mar réamhullmhúchán.

Ceist 2

1.	charity organisations	*eagraíochtaí carthanachta*
2.	cause of	*ba chúis leis*
3.	defect/impairment	*máchail*
4.	nuclear reactor	*imoibreoir núicléach*
5.	nuclear accident	*tionóisc núicléach*
6.	area of Belarus	*ceantar na Bealarúise*
7.	Western Russia	*iarthar na Rúise*
8.	Northern Ukraine	*tuaisceart na hÚcráine*
9.	scientific evidence	*fianaise eolaíoch*
10.	public health	*sláinte phoiblí*
11.	misunderstanding	*míthuiscint*
12.	fuels	*breoslaí*
13.	maternity hospital	*ospidéal máithreachais*
14.	cancer	*ailse (galar na hailse)*

Ceist 3
1. Is Seanadóir é John Crown a dúirt sa Seanad inniu nach bhfuil aon staitisticí ann a léiríonn gurb í an tubaiste i Searnóbail ba chúis leis na máchailí atá ar pháistí. Dúirt sé go bhfuil míthuiscint ann gur tháinig méadú mór ar líon na bpáistí a rugadh le máchail sna blianta a lean an tionóisc, ach nach raibh na fíricí ann chun é sin a chruthú. Dúirt sé go bhfuil sé in am dúinn sa tír seo a bheith ag féachaint ar fhuinneamh núicléach a thabhairt isteach anois ó tharla go bhfuil breoslaí eile róghann agus róchostasach.
2. Pléascadh imoibreoir núicléach i stáisiún núicléach i Searnóbail sa bhliain 1986 agus níor tharla tionóisc núicléach níos measa ó shin ar domhan.
3. Dúirt ionadaithe ó na heagraíochtaí carthanachta i gCorcaigh go raibh fianaise láidir sa Bhealarúis den dochar a bhí déanta ag tionóisc Chernobyl. Dúirt duine amháin gur thug sé cuairt ar ospidéal máithreachais agus nach bhfuil ach cúig déag faoin gcéad de na leanaí a bheirtear ann sláintiúil. Tá méadú mór tagtha ar líon na bpáistí ar a bhfuil galar na hailse freisin, dar leo.

Ceist 4
Ó thuaidh i nDún na nGall, ag dul ***ó thuaidh***
Thiar i gConamara, ag dul ***siar***
Thoir/Thuas i mBaile Átha Cliath, ag dul ***soir/suas***

Ceist 5
- do s**h**láinte p**h**oiblí: Tagann séimhiú ar an ainmfhocal tar éis an réamhfhocail ‘do’. Is focal baininscneach é ‘sláinte’ agus cuirtear séimhiú ar an aidiacht a thagann ina dhiaidh.
- mít**h**uiscint: Tagann séimhiú tar éis na réimíre ‘mí-‘ agus ní bhíonn fleiscín ann ach amháin má thosaíonn an focal le guta.
- gur t**h**áinig: Bíonn séimhiú ar an bhriathar tar éis ‘gur’ san aimsir chaite.
- ar f**h**uinneamh: Tagann séimhiú ar an ainmfhocal tar éis an réamhfhocail ‘ar’.
- róg**h**ann agus róc**h**ostasach: Tagann séimhiú tar éis na réimíre ‘ró-‘ agus ní bhíonn fleiscín ann ach amháin má thosaíonn an focal le guta.

Ceist 6
‘leis an méid atá ráite’
‘méid dochair’
‘líon na bpáistí’

Méid (fir): amount
Méid (bain): size
Líon: number

Baintear úsáid as ‘líon’ nuair a dhéantar tagairt do dhaoine.

Ceist 7
Déan plé nó díospóireacht faoin rún má tá am fágtha.

Eimear Ní Chonaola
Ó dheas i gCorcaigh, deir eagraíochtaí carthanachta atá i mbun oibre i mBealarúis[1] nach nglacann siad leis an méid atá ráite ag an Seanadóir John Crown faoi thubaiste núicléach Chernobyl. Dúirt sé sa Seanad nach bhfuil aon staitistic ann a léiríonn gurb í[2] an tubaiste ba chúis leis an máchail atá ar pháistí ann.

Grett O'Connor
Déantar cur síos ar an bpléascadh[3] sa fhreasaitheoir[4] núicléach in Chernobyl i 1986 mar an tionóisc núicléach ba mheasa riamh ar domhan. Truaillíodh ceantar na Bealarúise, iarthar na Rúise agus tuaisceart na hÚcráine. Anseo in Éirinn agus ar fud an domhain cuireadh eagraíochtaí carthanachta ar bun chun cabhrú le pobail na dtíortha sin. Inniu, dúirt an Seanadóir John Crown le Nuacht TG4 nach raibh sé ag iarraidh drochmheas a chaitheamh ar obair na n-eagraíochtaí seo ach dúirt sé nach raibh fianaise eolaíoch ann go ndearna tionóisc Chernobyl an méid dochair do shláinte phoiblí is a deirtear. Dúirt sé go bhfuil míthuiscint ann gur tháinig méadú mór ar líon na bpáistí a rugadh le máchail sna blianta a lean an tionóisc, ach nach raibh na fíricí ann chun é sin a chruthú. Deir sé go bhfuil sé in am dúinn sa tír seo a bheith ag féachaint ar fhuinneamh núicléach a thabhairt isteach anois ó tharla go bhfuil breoslaí eile róghann agus róchostasach.

Dúirt ionadaithe ó na heagraíochtaí carthanachta anseo i gCorcaigh liom inniu go raibh fianaise láidir sa Bhealarúis den dochar a bhí déanta ag tionóisc Chernobyl. Dúirt duine amháin liom gur thug sé cuairt ar ospidéal máithreachais agus nach raibh[5] ach cúig déag faoin gcéad de na leanaí a bheirtear ann sláintiúil. Tá méadú mór tagtha ar líon na bpáistí ar a bhfuil galar na hailse freisin, dar leo, pé rud a deir na staitisticí. Grett O'Connor, Nuacht TG4, Corcaigh.

[1] Sa Bhealarúis is cirte anseo
[2] *É* a deirtear
[3] *Pléascán* a deirtear
[4] *Sa bhfreasaitheoir* a deirtear
[5] 'bhfuil' is cirte anseo